2025/2147

24.10.2025

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/2147 ÓN gCOIMISIÚN

an 23 Deireadh Fómhair 2025

lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/493 a mhéid a bhaineann le táirgeoir onnmhairiúcháin nua a chur le liosta 'na gcuideachtaí comhoibríocha eile'

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad ([1]), agus go háirithe Airteagal 9(5) de,

Ag féachaint do Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/493 ón gCoimisiún an 12 Feabhra 2024 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí tíleanna ceirmeacha de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne tar éis athbhreithniú éaga a dhéanamh de bhun Airteagal 11, mír 2 de Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]) ('an Rialachán maidir le hathbhreithniú'), agus, go háirithe, Airteagal 1(4) de

De bharr an mhéid seo a leanas:

A. NA BEARTA ATÁ I BHFEIDHM

(1) An 12 Feabhra 2024, leis an Rialachán maidir le hathbhreithniú, d'fhorchuir an Coimisiún dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí tíleanna ceirmeacha ('an táirge lena mbaineann') isteach san Aontas de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne.

(2) San imscrúdú a raibh sé mar thoradh air dleachtanna frithdhumpála cinntitheacha a fhorchur in 2011 ('an t-imscrúdú bunaidh'), cuireadh sampláil i bhfeidhm chun táirgeoirí onnmhairiúcháin sa tSín a imscrúdú i gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (CE) Uimh. 1225/2009 ón gComhairle ([3]).

(3) D'fhorchuir an Coimisiún dleachtrátaí frithdhumpála aonair idir 13,9 % agus 36,5 % ar allmhairí tíleanna ceirmeacha i gcás na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin ón tSín a sampláladh. Forchuireadh dleachtráta 30,6 % ar na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha nár áiríodh sa sampla. Liostaítear na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha nár áiríodh sa sampla san Iarscríbhinn. Thairis sin, forchuireadh dleachtráta 69,7 % ar fud na tíre ar thíleanna ceirmeacha ó chuideachtaí sa tSín nár chomhoibrigh leis an imscrúdú.

(4) De bhun Airteagal 1(4) den Rialachán maidir le hathbhreithniú, féadfar Airteagal 1(2) den Rialachán sin a leasú chun táirgeoirí onnmhairiúcháin nua a chur le liosta na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha nár áiríodh sa sampla agus iad a chur faoi réir mheánráta ualaithe iomchuí na dleachta frithdhumpála. Ní mór do tháirgeoir onnmhairiúcháin nua fianaise a thabhairt maidir leis an méid seo a leanas:

(a) níor onnmhairigh sé na hearraí a shonraítear in Airteagal 1, mír 1 de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne le linn na tréimhse idir an 1 Aibreán 2009 agus an 31 Márta 2010 ('an tréimhse imscrúdúcháin bhunaidh');

(b) níl sé comhlachaithe le honnmhaireoir ná le táirgeoir atá faoi réir na mbeart arna bhforchur ag an Rialachán sin, agus a chomhoibrigh nó a d'fhéadfadh comhoibriú san imscrúdú arb é is cúis leis an dleacht; agus

([1]) IO L, 176, 30.6.2016, lch. 21, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/1036/oj.
([2]) IO L, 2024/493, 13.2.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/493/oj.
([3]) Rialachán (CE) Uimh. 1225/2009 ón gComhairle an 30 Samhain 2009 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Chomhphobal Eorpach iad, rinne an Coimisiún, le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1283/2014 na bearta frithdhumpála a ath-fhorchur (IO L 343, 22.12.2009, lch. 51, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2009/1225/oj).

(c) rinne sé an táirge faoi athbhreithniú de thionscnamh na tíre lena mbaineann a onnmhairiú iarbhír nó tá oibleagáid chonarthach neamh-inchúlghairthe air méid mór a onnmhairiú chuig an Aontas tar éis dheireadh na tréimhse imscrúdúcháin bunaidh.

B. **IARRAIDH AR STÁDAS AN TÁIRGEORA ONNMHAIRIÚCHÁIN NUA**

(5) An 20 Márta 2025, d'iarr Hebei Lingbiao Technology Development Co., Ltd. ('an t-iarratasóir') ar an gCoimisiún go ndeonófaí stádas an táirgeora onnmhairiúcháin nua dó agus, dá bhrí sin, go mbeadh sé faoi réir an dleachtráta is infheidhme maidir leis na cuideachtaí comhoibríocha sa tSín nár áiríodh sa sampla, i.e. 30,6 % ('stádas an táirgeora onnmhairiúcháin nua').

(6) Chun a chinneadh ar chomhlíon an t-iarratasóir na coinníollacha le go ndeonófaí stádas an táirgeora onnmhairiúcháin nua dó, na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 1(4) den Rialachán maidir le hathbhreithniú ('coinníollacha maidir le stádas an táirgeora onnmhairiúcháin nua'), chuir an Coimisiún ceistneoir ar dtús chuig an iarratasóir agus d'iarr sé fianaise air a léireodh gur chomhlíon sé na coinníollacha maidir le stádas an táirgeora onnmhairiúcháin nua. Thug an t-iarratasóir freagra ar an gceistneoir.

(7) D'fhéach an Coimisiún leis an fhaisnéis uile a mheas sé a raibh gá léi a dheimhniú lena chinneadh ar chomhlíon an t-iarratasóir na coinníollacha maidir le stádas an táirgeora onnmhairiúcháin nua. Chuige sin, rinne an Coimisiún anailís ar an bhfianaise a chuir an t-iarratasóir isteach. Chuir an Coimisiún tionscal an Aontais ar an eolas faoin iarraidh ón iarratasóir agus d'iarr sé air barúlacha a thabhairt.

C. **ANAILÍS AR AN IARRAIDH**

(8) Maidir leis an gcéad choinníoll maidir le stádas an táirgeora onnmhairiúcháin nua, shuigh an Coimisiún nár onnmhairigh an t-iarratasóir tíleanna ceirmeacha chuig an Aontas le linn na tréimhse imscrúdaithe bunaidh toisc gur bunaíodh é ina dhiaidh sin.

(9) Maidir leis an dara coinníoll maidir le stádas an táirgeora onnmhairiúcháin nua, shuigh an Coimisiún nach raibh an t-iarratasóir comhlachaithe le haon cheann de na táirgeoirí sa tSín atá faoi réir na mbeart arna bhforchur ag an Rialachán sin, agus a chomhoibrigh nó a d'fhéadfadh comhoibriú san imscrúdú arb é is cúis leis an dleacht.

(10) Maidir leis an tríú coinníoll maidir le stádas an táirgeora onnmhairiúcháin nua, shuigh an Coimisiún, bunaithe ar an bhfianaise dhoiciméadach a cuireadh ar fáil (doiciméid díolacháin agus custaim), gur onnmhairigh an t-iarratasóir tíleanna ceirmeacha chuig an Aontas i mí na Samhna 2024.

(11) Ar bhonn an mhéid thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur chomhlíon an t-iarratasóir na coinníollacha maidir le stádas an táirgeora onnmhairiúcháin nua.

(12) Dá réir sin, ba cheart glacadh leis an iarraidh go ndeonófaí stádas an táirgeora onnmhairiúcháin nua dó agus ba cheart an t-iarratasóir a bheith faoi réir na dleachta frithdhumpála le haghaidh cuideachtaí comhoibríocha nár áiríodh sa sampla, atá socraithe ag 30,6 % faoi láthair.

D. **NOCHTADH**

(13) Cuireadh an t-iarratasóir agus tionscal an Aontais ar an eolas faoi na bunfhíorais agus na bunbhreithnithe ar ar a mbonn a bunaíodh an cinneadh an dleachtráta frithdhumpála is infheidhme maidir leis na cuideachtaí comhoibríocha nár áiríodh i sampla an imscrúdaithe bunaidh a dheonú do Hebei Lingbiao Technology Development Co., Ltd. Tugadh an deis do na páirtithe barúlacha a chur isteach. Ní bhfuarthas aon bharúil.

(14) Tá an Rialachán i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste a bunaíodh le hAirteagal 15(1) de Rialachán (AE) 2016/1036,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

San Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/493 ón gCoimisiún, cuirtear an chuideachta seo a leanas le liosta na dtáirgeoirí comhoibríocha de chuid na Síne:

Ainm	Cód breise TARIC
Hebei Lingbiao Technology Development Co., Ltd.	89XH’

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 23 Deireadh Fómhair 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN